Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Aibreán 2024
(OR. en)

8783/24

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0296(NLE)**

POLCOM 145
WTO 56
AGRI 327
UD 76
UK 51

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 12358/23 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach<br>– Glacadh |

1. An 16 Lúnasa 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú[1], thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, mar aon le togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích[2] an Chomhaontaithe sin.

[1] 12357/23 + ADD 1
[2] 12358/23 + ADD 1

2. An 16 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle an Cinneadh maidir le síniú[3] an Chomhaontaithe. Ag an am céanna, agus i gcomhréir le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) CFAE, chinn an Chomhairle an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus a leagtar amach in 12361/23, mar aon leis an gComhaontú féin[4], a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa lena toiliú a fháil, d'fhonn ullmhú do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe amach anseo.

3. Síníodh an Comhaontú le Poblacht Arabach na hÉigipte an 20 Nollaig 2023.

4. An 10 Aibreán 2024, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

5. An 11 Aibreán 2024, d'fhormhuinigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

   - an Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus a leagtar amach in 12361/23, a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo; agus

   - a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.

---

[3] 12360/23 (foilsithe in IO L, 19.10.2023, 2023/2198)

[4] 12362/1/23 REV 1